AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.8.2026
COM(2026) 439 final

2026/0242 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht bhreise ón Iorua**

[…]

2026/0242 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a mhéid a bhaineann leis an ranníocaíocht bhreise ón Iorua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1], agus go háirithe Airteagal 20(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792, is féidir leis na Ballstáit, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais idirnáisiúnta nó foinsí eile ranníocaíochtaí breise a sholáthar don tSaoráid don Úcráin, lena n-áirítear ranníocaíochtaí a sholáthar do Phlean na hÚcráine.

(2) Thug an Iorua gealltanas NOK 1 000 000 000 a sholáthar mar ranníocaíocht bhreise le Colún I den tSaoráid don Úcráin i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha. Is ioncam sannta seachtrach í an ranníocaíocht sin. Tá an Coimisiún freagrach as an ranníocaíocht sin a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le caiteachas an Aontais, go háirithe na nósanna imeachta faoi Rialachán (AE) 2024/792 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(3) Ba cheart an ranníocaíocht airgeadais ón Iorua a chur ar fáil don Úcráin faoi réir teacht i bhfeidhm comhaontaithe maidir le haistriú idir an Iorua agus an Coimisiún agus faoi réir aistriú na ranníocaíochta gaolmhaire. Ba cheart an ranníocaíocht sin a leithdháileadh ar an aonú tráthchuid ráithiúil déag de Phlean na hÚcráine agus ba cheart í a eisíoc faoi réir chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna cáilíochtúla agus cainníochtúla ábhartha. Ba cheart méid an aonú tráthchuid déag de Phlean na hÚcráine a choigeartú dá réir sin chun méid deiridh na ranníocaíochta sin a chur san áireamh, méid arna shloinneadh ina euro, a eascraíonn as cur i bhfeidhm an ráta malairte oifigiúil tráth an aistrithe.

(4) I bhfianaise na staide san Úcráin agus chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar don Úcráin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar

[1] IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj.

[2] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

práinne dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ó dháta a ghlactha.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an mhír 5a seo a leanas leis:

‘5a. Déanfar ranníocaíocht bhreise, i bhfoirm tacaíochta neamh-inaisíoctha a bheidh coibhéiseach in EUR le NOK 1 000 000 000 ag an ráta malairte oifigiúil tráth a aistreoidh an Iorua an ranníocaíocht chuig an tSaoráid don Úcráin, a chur ar fáil don Úcráin de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/792.

An ranníocaíocht bhreise dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha agus na coinníollacha is infheidhme maidir leis an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.’;

(2) san Iarscríbhinn, sa roinn dar teideal ‘An t-aonú tráthchuid déag (R4 2026)’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs idir an teideal agus an tábla:

‘Méid iomlán: EUR 2 103 225 808 agus 1 000 000 000 NOK
Tacaíocht neamh-inaisíoctha: EUR 270 000 000 agus 1 000 000 000 NOK
Iasachtaí: EUR 1 833 225 808
Líon iomlán beart: 23’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*